# An Geimhreadh Seo Caite

Bhí an geimhreadh seo caite an-fhuar. I Mí na Samhna bhí stoirmeacha **agus tuilte** ina lán áiteanna. I Mí na Nollag bhí sioc ann agus bhí an talamh chomh **crua** le cloch. Bhí na bóithre **sleamhain.**
B'éigean don **trácht** dul go mall. **Sciorr** carr in aice na scoile. Bhuail sé geata ar thaobh an bhóthair. Bhí an-spórt ag na páistí ag sleamhnú ar an **leac oighir.** I Mí Eanáir bhí na **locha reoite**. Chuaigh á lán daoine ag **scátáil** orthu.
Bhí ocras ar na héin go léir. Chuir Daidí **bord éan** sa ghairdín. Tháinig an **spideog,** an **lon dubh,** agus an **préachán** go dtí an bord nuair a chuir na páistí bia air. D'ith siad an bia go léir.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **tuilte,** floods | **leac oighir,** ice |
| **sioc,** frost | **reoite,** frozen |
| **sleamhain,** slippery | **spideog,** robin |
| **trácht,** traffic | **lon dubh,** blackbird |
| **sciorr,** skidded | **préachán,** crow |

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cén fáth a raibh an trácht ag dul go mall?
   — mar bhí sé dorcha.
   — mar bhí na bóithre sleamhain.
   — mar bhí tuilte ar na bóithre.

2. Cén fáth ar thaitin an leac oighir leis na páistí?
   — mar bhí siad ag rith air.
   — mar thit siad air.
   — mar bhí siad ag sleamhnú air.

3. Cad a chuir Daidí sa ghairdín?
   — teach don choinín.
   — bord éan.
   — geata nua.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Bhí an geimhreadh seo caite — .
2. Bhí an talamh chomh crua — — .
3. Bhí na bóithre — .
4. Sciorr carr — — — — .
5. Bhí ocras — — — — —

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
leac oighir, bord éan, reoite, ag sleamhnú, sciorr, trácht.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Céard a tharla i Mí na Samhna?
2. Cén fáth a raibh na bóithre sleamhain?
3. Cad a rinne na daoine ar na locha reoite?
4. Cén fáth ar sciorr an carr?
5. Céard iad na héin a tháinig go dtí an bord éan?
6. Cé a chuir an bord éan sa ghairdín?

**Gramadach 16**

1. Ainmnigh míonna an gheimhridh.
2. **Chomh crua le cloch**
   ,, bán le ——
   ,, dearg le ——
   ,, glic le ——
   ,, sleamhain le ——
   ,, dubh le ——
3. Ar thaobh an **bhóthair** (an cnoc, an bád, an bord, an caisleán, an crann.)
4. **Briathra:**
   **Chuir** Daidí bord éan sa ghairdín **inné.**
   (gach lá, amárach.)